

DIBISLÍN DEIDHIRLÍN

Bean a bhí ann agus bhí ceathar mac aice. Séard a bhí innte baintreach, bhí a fear caillte. Bhí Paidín is Seáinín ar an mbeirt is sine. Tadhg is Domhnall ar an mbeirt ab óige. Bhíodh Páidín agus Seáinín ag iasgaireacht. Bhíodh Tadhg is Domhnall ag obair ar an talamh. Aon bhealach amháin a bhí sí a caitheamh leobh, ní ghléasadh sí biadh dóibh mara ngléasadh siad fhéin é. Ní chuirfeadh d'annró uirthé féin a dhéanamh.

Bhí Tadhg is Domhnall ag baint arbhair lá agus nuair ab fhada le Domhnall go raibh sí ag glaodhach ortha thosuigh sé a grúmláil, nuair a d'airigh sé an t-ocras. "Ná bac leis sin" adeir Tadhg, "beidh fhios agam-sa cé'n cnáimhearacht atá uirthé." Chuaidh sé agus ghléas sé fear bréige san arbhar agus chuir sé hata air. Chuaidh sé isteach annsin ag an mháthair.

67

"Níl aon bhlas réidh agat dúinn." "Níl" adeir sí, "níl mé indon." "Maise nach dona an mhaise agad é" adeir Tadhg, "agus fear breagh amuich sa ngarrdha gat' iarraidh le pósadh." Spáin sé an fear di, an fear bréige agus a hata le feiceál os cionn an arbhair.

Ní raibh siad a bhfad annsin go raibh a mbéile acab. Nuair a d'ith siad a mbéile agus d'imthigh siad amach arís bhí síse ag breathnú ar an bhfear i gcomhnaidhe a bhí i néineadh leobh. Tharraing sí anuas an túirne lín agus thosuigh sí ag sníomhachán agus bhí amhrán dá rádh aice.

68

Is fada an lá nár shníomh mé snáithín
dibirlín deidhdirlín
dorugha do Seáinín agus dorugha do Pháidín.
Dibirlín deidhdirlín
grádh mo chroidhe-sa Tadhg is Domhnall
dibirlín deidhdirlín
agus an buachaillín eile úd an thall ins an eorna
dibirlín deidhdirlín.

Bhí sí acab ní ba mhó nuair a fuair sí amach go raibh siad ag magadh fúithe. Bhí sí ag gléasadh bídh is dighe dóibh ní ba mhó

Micil-7-11-1933.

69